# Scéal, Scéal, Scéal...

16 Meitheamh 2022 || Eagrán 101

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

## Nóta ó na hOifigigh Pleanála Teanga...

**Ba bhreá linn cloisteáil uaibh, a chairde! Má tá teachtaireachtaí nó scéalta tábhachtacha agaibh le scaipeadh, ná bíodh drogall ar bith oraibh teagmháil a dhéanamh linn: optchoisfharraige@gmail.com Cuireann muid fáilte 's fiche roimh scríbhneoirí an cheantair freisin má tá píosa agaibh le foilsiú - alt faisnéise, filíocht, nuaíocht nó fógra. Fáilte roimh chách! Tá súil againn go mbainfidh sibh taitneamh as an eagrán seo.**



# CAMPA DRÁMAÍOCHTA
# RUAILLE BUAILLE

Tá campa samhraidh drámaíochta: Ruaille Buaille á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga. Beidh an cúrsa ar siúl idir 27ú Meitheamh agus 8ú Iúil agus beidh sé feiliúnach do ghasúir bunscoile ó Rang 1 go Rang 6 (aois 7-12). Meascán de spraoi, ealaín agus drámaíocht a bheas sa gcampa le féirín deas nó dhó freisin! Táille €90 in aghaidh an ghasúir atá air ach más beirt ghasúir ó aon gclann amháin atá ann, gearrfar táille de €160 in aghaidh na clainne. Is féidir foirm iarratais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le hoifig na pleanála teanga ag optchoisfharraige@gmail.com nó 083 010 6294.










# SCÉAL EILE

**Tá Comharchumann Shailearna Teo. ag lorg duine cruthaitheach do phost páirtaimseartha samhraidh mar Chúntóir Siopa. Beidh an té a éiríonn leo ag obair sa siopa ar an gCnoc, trasna ón séipéal. 19.5 uair in aghaidh na seachtaine a bheas ar fáil, idir an Déardaoin, Aoine agus Satharn. Tá sé riachtanach go mbeidh Gaeilge líofa ag an té a bheas ag obair sa siopa. Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoi shonraí an phoist lena n-áirítear na scileanna agus an taithí a theastaíonn ach ríomhphost a sheoladh chuig sailearna@gmail.com Ba cheart litir iarratais chomh maith le cóip de do CV a sheoladh chuig: An Bainisteoir, Comharchumann Shailearna, Na hAille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe le hiarratas a dhéanamh.**



# GRADAM CHATHAOIRLEACH CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE

**Bronnadh Gradam an Chathaoirligh ar Choiste Fhéile Chois Fharraige 2022 ag Bál an Mhéara a bhí ar bun i dTuaim ar an Satharn 11 Meitheamh. Bronntar seacht ngradam chuile bhliain mar aitheantas ar obair dheonach a cuirtear i gcrích in earnálacha éagsúla d'imeachtaí pobail. Is é Líonra Rannpháirtíochta Pobail Chomhairle Chontae na Gaillimhe a eagraíonn an próiséas roghnaithe tréna roghnaíonn coiste ar leith na buaiteoirí as ainmniúcháin a seoltar chuig oifig Chathaoirleach na Comhairle. Féile Chois Fharraige a roghnaíodh sa gcatagóir a bhain le rannchuidiú i leith na Gaeilge. Nuair a bhí an gradam á bhronnadh ar Mháire Ní Neachtain thar cheann choiste na Féile, luadh go sonrach Le Cion ar Joe, an seó ardáin a léiríodh in ómós do Joe Steve Ó Neachtain agus Eadrainn Féin an leabhar a d'fhoilsigh Coláiste Chroí Mhuire mar chomóradh ar leathchéad bliain ó bhásaigh Máirtín Ó Cadhain. Chuaigh dhá ghradam eile siar thar Coirib. Bronnadh an gradam sa rannóg foilseacháin oidhreachta ar Scoil Bhriocáin ar an nGort Mór as an leabhar breá Fréamhacha na Saoirse a d'fhoilsigh siad faoi Chogadh na Saoirse i gConamara. Bronnadh an gradam sa rannóg Spóirt ar Chlub Iománaíochta Bhearna /na bhForbacha as chomh uileghabhálach is atá imeachtaí an chlub a chinntíonn go bhfuil deis ag chuile pháiste sa gclub in ainneoin dúshláin sláinte nó eile a bheith ag roinnt díobh, páirt ghníomhach a ghlacadh in imeachtaí an chlub. Bronnadh gradam, teastas agus €500 ar chuile bhuaiteoir. Ba í seo an mhór-imeacht poiblí deiridh ag Peter Keaveney Cathaoirleach reatha na Comhairle.**


FÉILE
COIS FARRAIGE
Ceol, Damhsa,
Dráma, Ealaín,
Chois Fharraige


Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council
Galway County
Public
Participation
Network
Gradaim Pobail an Chathaoirligh
The Cathaoirleach's Community Awards
Comhghairdeas le / Congratulations to
Féile Chois Fharraige
Buaiteoir: An Gradam don Rannchuidiú is fearr sa Ghaeilge 2022
Winner: Best Contribution to the Irish Language Award 2022
Mar gheall ar a sárobair sa réimse sin / For their outstanding work in this area
11 Meitheamh / June 2022
Dáta/Date
An Comh. Peter Keaveney
Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe
Gradaim Pobail
an Chathaoirligh 2022
don Rannchuidiú is
Fearr sa Ghaeilge


# FÉILE BÁID AN SPIDÉIL

**Reáchtáilfear Féile Báid an Spidéil ar an Domhnach 19 Meitheamh. Feicfear na báid mhóra faoi lán tseoil amach ón Spidéal don chéad uair le trí bliana anuas. Beidh Báid Mhóra agus na Leath Bháid ag glacadh páirte sna geallta i mbliana. Seo é an chéad gheall den séasúr nua. Faoi scáth Chumann Húicéirí na Gaillimhe a eagraítear é. Táthar ag súil le roinnt mhaith bád aniar ó Chonamara chomh maith le roinnt bád de chuid Bhádóirí an Chladaigh, an Meaircín Joe, atá réitithe as an nua agus curtha in oiriúint le haghaidh na ngeallta, ina measc. Cuirfear tús leis na rásaí @ 2i.n. ach beidh na báid le feiceáil roimhe sin agus iad ag déanamh ar an gCéibh Nua.**



# CRUINNIÚ NA NÓG 2022

**Mar chuid de Chruinniú na nÓg i mbliana, a tharla ar an 11 Meitheamh, d'fhoilsigh Cúla4 físeáin áille le roinnt cúnaimh ó scoláirí Chois Fharraige. Léirigh Scoil Sailearna réamhaisnéis na haimsire, agus phléigh Scoil na Tulaí cúrsaí feirme. Léirigh na daltaí go leor eolais agus feasachta i leith na téamaí éagsúla ar bhealaí cruthaitheacha, idir ealaín, amhránaíocht agus scileanna iontacha cur i láthair. Is féidir breathnú ar na físeáin ach cuairt a thabhairt ar chuntas Cúla4 ar YouTube. Maith sibh a chairde!**



# BISEACH 2022

Beidh eagrán nua den iris Biseach á fhoilsiú ag Cumann Forbartha Chois Fharraige i mí Dheireadh Fómhair. Lochlainn Ó Tuairisg a bheas i mbun eagarthóireachta ar an iris arís i mbliana. Ba bhreá leis an gCoiste Eagarthóireachta cloisteáil ó dhaoine ar mhaith leo ábhar a chur ar fáil don iris. Fáilteofar go háirid roimh pictiúir - seanphictiúir go speisialta, nár foilsíodh go dtí seo san iris. Is iris don phobal é Biseach atá á fhoilsiú ag an gCumann Forbartha le os cionn 50 bliain. Bíonn an-éileamh air i measc an phobail. Is féidir níos mó eolais a fháil ach ríomhphost a sheoladh ag cumannforbartha@gmail.com.



# TÉARMAÍOCHT AN TSAMHRAIDH

Tá ceardlanna teanga á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga. Beidh deis ag rannpháirtithe níos mó a fhoghlaim faoi fhoclóir agus téarmaíocht an tSamhraidh agus na laethanta saoire ag teannadh linn. Cuireadh tús leis na ceardlanna ar an Luan 13ú Meitheamh @ 6i.n. agus leanfar chuile sheachtain go dtí 27ú Meitheamh. In Inis Fáil, An Spidéal a bheas na ceardlanna ar siúl faoi stiúir Nóra Seoighe. Le clárú is féidir teagmháil a dhéanamh le optchoisfharraige@gmail.com




# Téarmaíocht an tSamhraidh

Ceardlanna teanga bunaithe ar fhoclóir agus téarmaíocht an tSamhraidh agus na laethanta saoire ag teannadh linn!

**13, 20 & 27 Meitheamh @ 6-7i.n.**
**Inis Fáil, An Spidéal**
**H91 X63V**

**Clárú roimh ré:**
**optchoisfharraige@gmail.com**
**(083 010 6294)**



# OÍCHE CLÁRÚCHÁIN: CLUB ÓIGE SAILEARNA

**Beidh oíche clárúcháin ar siúl ar an Máirt 21ú Meitheamh do Chlub Óige Sailearna. Cuirfear tús leis an oíche @ 7:30i.n. i Scoil Sailearna. Beidh an club feiliúnach do ghasúir ó Rang 1 - Rang 6. €20 an táille a bheas ar chlárúchán don chlub. Tá sé tábhachtach go mbeidh tuismitheoirí an chlub sásta a n-ainm a chur le huainchlár maoirseachta an chlub. Má tá níos mó eolais ag teastáil is féidir teagmháil a dhéanamh le angela@muintearas.com Is comhthogra de chuid Oifigigh Pleanála Teanga Chois Fharraige agus Muintearas atá sa chlub.**



# CIORCAL COMHRÁ CHOIS FHARRAIGE

**Tháinig Ciorcal Comhrá Chois Fharraige le chéile don chéad uair i mbliana le gairid agus tá an grúpa ag dul ó neart go neart ó shin. Club Foghlaimeoirí Gaeilge Chois Fharraige, le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta agus Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga atá ina bhun. Tagann an grúpa le chéile ag oifigí na pleanála teanga in Inis Fáil, An Spidéal (H91 X63V), chuile Chéadaoin @ 7i.n. Tá fáilte roimh chách le haghaidh comhrá, comhluadar agus cupán caife! Tá an seisiún feiliúnach do fhoghlaimeoirí Gaeilge agus cainteoirí atá ag iarraidh a gcuid Gaeilge a chleachtadh.**



# CEARDLANN: BABAÍ AR AN MBEALACH

**Tá ceardlann eolais réamhbhreithe á reáchtáil ag Tuismitheoirí na Gaeltachta, dírithe ar dhaoine atá ag iompar clainne. Beidh an cheardlann ar siúl ar an Satharn 2ú Iúil @ 12 meán lae in Ionad Splanc, An Cheathrú Rua. Beidh aoichainteoirí éagsúla, a bhfuil taithí agus saineolas acu ar a bheith ag iompar clainne agus tabhairt páistí ar an saol, ann ar an lá. Beidh téamaí éagsúla á phlé ann, ar nós ullmhúcháin don pháiste, mála don ospidéal, nodanna agus comhairle do thuismitheoirí, agus ag teacht abhaile ón ospidéal. Is féidir teagmháil a dhéanamh le eolas@tuismitheoiri.ie le tuilleadh eolais a fháil.**
**Is í an Ghaeilge teanga na hócáide agus iarrtar ar rannpháirtithe cloí leis sin.**





# Babaí ar an mBealach

## Ceardlann eolais réamhbhreithe do lánúineacha atá ag iompar clainne

- Ag ullmhú don pháiste
- Céard a bheidh i do mhála ospidéil
- An mháthair agus an t-athair a chur ar a gcompord
- Na chéad chúpla lá ag an bpáiste sa mbaile

Beidh daoine éagsúla i láthair a bhfuil taithí agus saineolas acu faoi bheith ag iompar clainne agus ag tabhairt páistí ar an saol.

**Dé Sathairn 2 Iúil @ 12 meán lae**
**Ionad Splanc, An Cheathrú Rua**

Tuilleadh eolais & clárú: eolas@tuismitheoiri.ie

Is ócáid eolais é seo le cúnamh a thabhairt do lánúineacha sna roghanna éagsúla atá le déanamh acu agus iad ag súil le páiste.

Is í an Ghaeilge teanga na hócáide.

Údarás na Gaeltachta

Tuismitheoirí na Gaeltachta

# AN BUA AG IMREOIRÍ ÓGA NA TULAÍ

Comhghairdeachas ó chroí le dhá fhoireann ó Scoil Cholmcille, An Tulach, ar éirigh leo dhá chorn a bhuachan le gairid. D'éirigh leis na himreoirí óga corn amháin a chrochadh leo sa bpeil agus an cheann eile san iomáint, ag cluichí a eagraíodh mar chuid de Chlár na gCluichí Gaelacha.




# MA/DIOPLÓMA SAN AISTRIÚCHÁN & SAN EAGARTHÓIREACHT

Tá Ollscoil Mhá Nuad ag glacadh le hiarratais faoi láthair don MA/Dioplóma san Aistriúchán agus san Eagarthóireacht (ar líne). Cúrsa páirtaimseartha dhá bhliain atá i gceist. Tá deiseanna scoláireachta ar fáil. Le níos mó eolais a fháil ní mór teagmháil a dhéanamh le larionad.gaeilge@mu.ie
Glacfar le hiarratais go dtí 11 Iúil.

